


An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP)

Tuarascáil dheireadh bliana 2016



**Social Inclusion &
Community Activation
Programme**



ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Féachtar, faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP), le bochtaineacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Tá an clár, ar cuireadh tús leis ar an 1 Aibreán 2015, á mhaoiniú agus á mhaoirsiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP)¹ le páirtmhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa, a áiríonn leithdháileadh speisialta faoin Tionscnamh Fostaíochta don Óige. Bhí €35.8 milliún uilig ar fáil don chlár i 2016. Tá 50 beartán den Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail á chur ar fáil ag 45 Clárfheidhmeoir ar fud na tíre agus tá Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail ina gceannas go háitiúil.

I 2016, thug an CCSGP tacaíocht duine le duine do 47,511 duine aonair agus do 3,076 Grúpa Pobail Áitiúil. Bhí na figiúirí seo san iomlán 4% agus 10% faoi seach níos airde ná spriocanna an chláir. Baineadh amach spriocanna fhorhór na dtáscairí agus chuathas cuid mhaith os a gcionn i gcás roinnt acu. Níor baineadh amach an sprioc gnóthachain i gcás dhá tháscaire shuntasacha, bhain an péire acu le tomhas an dul chun cinn i dtreo féinfhostaíocht.

Grúpaí Pobail Áitiúla (Aidhm 1)

- Tacaíodh le 3,076 Grúpa Pobail Áitiúil faoin CCSGP
- Bhí suas le dhá thríú (64%) de na Grúpaí Pobail Áitiúla ar thacaigh an clár leo ag féachaint le déileáil le riachtanais phobail geografacha ar leith chomh maith le spriocgrúpaí le deacrachtaí ar leith. D'oibrigh formhór na gCoistí Pobail Áitiúla le daoine a bhí ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste
- Chuidigh na Clárfheidhmeoirí le 2,839 Grúpa Pobail Áitiúil lena mbunú, forbairt nó dul chun cinn agus ansin chuidigh na grúpaí seo le breis is 218,000 duine aonair Cuidíodh le trí ceathrú de na Grúpaí Pobail Áitiúla sna chéad chéimeanna dá bhforbairt agus chuaigh 314 acu ar aghaidh le mairtís na forbartha Pobail
- Tacaíodh le 1,048 Grúpa Pobail Áitiúil le páirt a ghlacadh i struchtúir áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta um dhéanamh cinntí agus cuidíodh le 263 grúpa i ngiaráil maoiniú breise agus thángthas suas le 1.3milliún
- Faoi CCSGP cuidíodh le 241 fiontar sóisialta agus bunaíodh seacht bhfiontar shóisialta nua.

Próifíl na nDaoine Aonair

- Tacaíodh le 47,511 duine aonair uilig faoin CCSGP. Faoi mar a bhí amhlaidh i 2015, bhí 31% de na daoine aonair seo ina gcónaí in áiteanna a aithnítear mar áiteanna faoi mhíbhuntáiste, faoi an-mhíbhuntáiste nó fíor-mhíbhuntáiste. Bhí faoi bhun leath de na tairbhithé (49%) dífhostaithe go fadtéarmach agus ba é an Ardeist nó faoi sin an chéim oideachais ab airde ag 70% de na daoine aonair
- Ba fhir ba mhó a ghlac páirt sa gclár (55%), bhí 53% de na daoine idir 25 agus 45. Ba iad an príomh-spríocgrúpa ar tacaíodh leo ná dream dífhostaithe (78% den riar cás) agus ar an dara spríocgrúpa ar tacaíodh leo bhí daoine ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste (31%). Glacadh le spríocgrúpa nua i 2016, sin oibrithé/teaghlaigh ar ísealioncam agus b'ionann iadsan agus 12% den riar cás
- Ba náisiúnaigh de chuid na hÉireann iad 73% de riar cás an CCSGP agus ba Pholannaigh an dara dream ba mhó ar tacaíodh leo (4%).

¹ I Meitheamh 2017 athraíodh freagracht an CCSGP chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ba ar an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil a bhí an fhreagracht roimhe sin.

- Chuala 5% níos mó de rannpháirtithe faoin gclár trí chomhlacht rialtais, gníomhaireacht stáit nó trí eagraíocht ábhartha eile (45%), i gcomparáid le 2015. Chuir Intreo/RCS 26% de na daoine aonair ar aghaidh chuig an CCSGP, dúbailt ar líon 2015. Fuair duine as chuile chúigear de na tairbhíthe amach faoin CCSGP óna dteaghlach nó cairde agus bhí 16% de na daoine aonair curtha ar aghaidh chuig an CSSGP ag Grúpa Pobail Áitiúil – laghdú 4% ar 2015.

Aidhm 2: tacaíochtaí agus aschur oideachasúil (daoine aonair)

- Fuair 22,427 duine aonair uilig, 4,517 duine óg ina measc, (aois 15 - 24) tacaíocht oideachais faoi Aidhm 2. Ghlac 16,770 san iomlán páirt i gcúrsaí 'Foghlaim Fadsaoil' agus bhí suas le leath de na socrúcháin cúrsa (49%) á soláthar go díreach agus á maoiniú go hiomlán ag Clárfeidhmeoirí de chuid an CCSGP
- Bhain 19% de na socrúcháin cúrsa le cúrsaí creidiúnaithe den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus ba Leibhéal 5 iad leath acu, méadú 12% ar 2015. Bhí 6% breise de na socrúcháin cúrsa ag Leibhéal 1-5 seachas mar a bhí i 2015. Críochnaíodh amach go sásúil formhór na socrúcháin cúrsa (74%²). Déanadh suas le trí ceathrú de na socrúcháin cúrsa (73%) ar chúrsaí i gceithre earnáil oideachais: cláir ginearálta, sláinte agus leas, forbairt phearsanta agus oideachas. Ní raibh formhór shocrúcháin cúrsa Aidhm 2 (58%) an-dian, idir uair an chloig agus ceithre huair an chloig freastail sa tseachtain a bhí i gceist. I gcomparáid le 2015 braitheadh áfach go raibh beagán níos mó tóir ar dhianchúrsaí
- Fuair 4,089 tairbhí tacaíocht le fanacht ar chúrsa Foghlaim Fadsaoil agus cuidíodh le 262 duine teacht ar chúram leanaí sa phobal
- Rinne 4,109 duine uilig dul chun cinn sa réimse oideachais, ba dhaoine óga 23% acu.

Aidhm 3: tacaíochtaí agus aschur oideachasúil (daoine aonair)

- Fuair 30,206 duine uilig, 4,051 duine óg ina measc (aois 15-24), tacaíochtaí fostaíochta faoi Aidhm 3. Fuair an sciar ba mhó de na daoine tacaíochtaí comhairle gairme agus tacaíochtaí féinhostaíochta, sin 43% agus 38% faoi seach de riar cás Aidhm 3
- Ghlac 9,924 duine páirt in oiliúint margadh saothair faoi Aidhm 3, bhí 87% de á sholáthar ag Clárfeidhmeoirí CCSGP nó ag soláthraithe príobháideacha. Críochnaíodh amach go rathúil formhór na socrúcháin cúrsa (86%). Bhain 18% den oiliúint margadh saothair a soláthraíodh faoi Aidhm 3 le cúrsaí creidiúnaithe, sin laghdú 8% ar 2015. Bhí níos mó ama i gceist san oiliúint margadh saothair ná socrúcháin cúrsa Aidhm 2 mar go raibh freastal níos mó ná cúig huair an chloig sa tseachtain i gceist lena bhformhór (65%)
- Bhog 2,208 duine uilig ar aghaidh chuig fostaíocht agus níos mó acu le fostaíocht lánaimseartha (61%) ná páirtaimseartha (39%). Déanadh an dul chun cinn ab fhearr sna trí chatagóir ceirde seo - oibríthe foirgníochta agus tógála, ceirdeanna díolacháin agus oibríthe cúrsaí sláinte. I 2016 tháinig laghdú ocht ceint go €10.83, i gcomparáid le 2015, ar mheánráta pá san uair an dream a bhog ar aghaidh chuig fostaíocht
- Bhog 5,752 duine uilig ar aghaidh chuig féinhostaíocht agus bhunaigh a bhformhór (94%) iad féin mar thrádálaithe aonair agus ba isteach in earnáil na tógála den chuid is mó a chuaigh siad (23%). Chruthaigh na gnólachtaí seo, san iomlán, 716 post lánaimseartha agus 119 post páirtaimseartha. Fuair formhór an dream a bhog isteach i bhféinhostaíocht tacaíochtaí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí - an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair nó an Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach.

² Tabhair faoi deara nach sonraítear toradh an chúrsa i gcás 16% de na socrúcháin cúrsa. Ní raibh ach 4% i gceist idir dream nár chríochnaigh uilig agus dream nár éirigh leo.

- Tacaíodh le 15 duine le tabhairt faoi phrintíseacht agus tugadh áit do 331 tairbhí ar chláir socrúcháin oibre nó taithí oibre, leithéidí Tús agus an scéim Fostaíochta Pobail.

Daoine Fásta agus Páistí nach den Riar Cás iad

- Chuir CCSGP tacaíochtaí ar fáil freisin do dhaoine nach raibh cláraithe ar riar cás ar leith. Fuair 55,890 páiste (faoi 18 bliain d'aois) tacaíocht oideachais nó forbartha faoi Aidhm 2, agus bhain formhór na dtacaíochtaí (71%) le hobair óige agus tacaíochtaí forbartha. Ghlac 57,132 duine páirt freisin i ngníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus cathartha a bhí á gcur ar fáil ag Grúpaí Pobail Áitiúla. Chomh maith leis sin, d'fhreastal 18,236 duine fásta agus 3,782 páiste nár den riar cás iad ar imeachtaí eolais de chuid an CCSGP.

Struchtúir agus líonraí

- D'oibrigh Feidhmeannaigh Clár le 308 struchtúr déanamh cinntí, laghdú 21% ar 2015. Thacaigh formhór na struchtúr seo le daoine a bhí ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Ar an iomlán bunaíodh 166 comhpháirtíocht nó comhstraitéis agus ba Clárfheidhmeoirí an CCSGP agus soláthraithe oideachais den chuid is mó a bhunaigh a bhformhór (47%) le freastal ar riachtanais oideachais spriocgrúpaí CCSGP
- Thairfead na Clárfheidhmeoirí gur oibríodh, i 2016, le 19 Líonra Rannpháirtíocht Pobail i gcomórtas le 33 i 2015.

Téamaí cothrománacha agus an Tionscnamh Fostaíochta don Óige

- Chuir na Clárfheidhmeoirí creat comhionannais chun cinn trí bhearta a fhorbairt agus a fheidhmiú le déileáil le leatrom ar spriocgrúpaí áirithe, le tabhairt faoi neamhchomhionannas inscne, le díriú ar ghrúpaí i mbaol, le déileáil le pobail scoite amach agus le bearta eagrúcháin a thabhairt isteach. Ba é an príomhbhealach ar soláthraíodh na bearta seo ná trí ghníomhaíochtaí agus idirghabhálacha a chuireadh gníomhaíocht, rannpháirteachas agus cumhachtú chun cinn i ngrúpaí leochaileacha. I measc na ngníomhaíochtaí eile bhí promhadh claontachta maidir le polasaithe, gnásanna agus uirlisí eolais na bhFeidhmeannach Clár, bhí oiliúint feasachta agus fáil réidh le constaicí rannpháirteachais i gceist chomh maith le feidhmiú phrionsabail an chomhionannais agus neamh-irdhealaithe in oibreacha a gcuid eagraíochtaí féin
- Thug na Clárfheidhmeoirí faoi ceithre chineál cur chuige le n-oibriú le pobail faoi mhíbhuntáiste: ag tacú leis na cliaint ina bpobail áitiúla, ag forbairt scileanna agus cumas áitiúil, ag aithint riachtanais agus spriocanna áitiúla agus ag cur le cumas na bpobal leibhéil níos airde rannpháirteachais a bhaint amach
- Chuir na Clárfheidhmeoirí uilig béim ar thábhacht cur chuige comhoibríoch chun déileáil leis an réimse leathan riachtanas a dtagtar trasna orthu i soláthar CCSGP agus chun an luach a fhaigheann tairbhíthe a uasmhéadú. Thaispeáin na héagsúlachtaí i leibhéil, réimsí, fócas, agus na cineálacha comhoibríthe a d'úsáid na Clárfheidhmeoirí na riachtanais agus na cúinsí áitiúla a bhí i gceist
- Mar chuid den Tionscnamh Fostaíochta don Óige thacaigh an CCSGP le 5,373 duine óg nach raibh fostaithe ná ag fáil oideachas ná oiliúint. I measc na dtacaíochtaí a soláthraíodh bhí seisiúin duine le duine, grúpobair, ceardlanna, gníomhaíochtaí oideachais foirmiúla agus neamhfoirmiúla, cúrsaí tástála, seisiúin eolais, imeachtaí, meantóireacht agus treoir mar aon le socrúcháin taithí oibre. Ba chur chuige iomlánaíoch ba rathúla ó thaobh oibriú leis an ngrúpa seo, cur chuige a d'fhreastal ar bhearnaí sna príomhscileanna mar aon le ceisteanna um fhorbairt pearsanta. Is iondúil gur feabhas ar scileanna pearsanta agus ar fhostúchas an toradh is coitianta a bhaineann an grúpa seo amach.

Tacaíochtaí a soláthraíodh

- Chuir Pobal réimse tacaíochtaí ar fáil i 2016 do Choistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail agus do Chlárfheidhmeoirí a bhí ag cur CCSGP i bhfeidhm. Ina measc seo bhí: 31 cuairt tacaíochta chuig Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail, dhá imeacht tacaíochta náisiúnta, ocht seisiún tacaíochta réigiúnach do Choistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail agus seacht n-imeacht oiliúna IRIS. D'fhreagair Pobal 843 fiosrúchán faoi CCSGP
- D'oibrigh na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail le Clárfheidhmeoirí, leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil agus le Pobal leis an leibhéal tearc-chaitimh a bhí ann i 2015 a laghdú. Mar thoradh air seo laghdaíodh an leibhéal iomlán tearc-chaitimh go náisiúnta ó 2.86% i 2015 go 0.36% i 2016. Laghdaíodh an céatadán tearc-chaitimh ag leibhéal na mbeartán freisin i 2016 agus ba 3.2% an céatadán tearc-chaitimh ab airde a taifeadadh i gcomparáid le 11.7% i 2015.

Dúshlán

- Nuair a bhí CCSGP á sholáthar don dara bliain déileáladh le go leor dúshlán a bhí aitheanta ag Clárfheidhmeoirí i 2015, nithe a bhain le dearadh agus riachtanais an chláir. Bhain na dúshlán mhóra eile a bhí fágtha leis an bpróiseas cláraithe, leis na riachtanais sonraí a bhain leis sin agus le heaspa tacaíochtaí airgeadais do Ghrúpaí Pobail Áitiúla agus d'fhiontair a bhí i mbun feidhme níos mó ná bliain amháin
- Ina dtuairiscí deireadh bliana tharraing na Clárfheidhmeoirí aird ar roinnt ceisteanna a cheap siad a bhí ag cur as do sholáthar an chláir, bhí tionchar JobPath ar cheann de na príomhcheisteanna a hardaíodh. I measc na gceanna eile bhí: athruithe leanúnacha ar riachtanais an chláir, easpa iompar poiblí agus/nó costas taistil, deacracht oibriú le daoine nach raibh fostaithe ná ag fáil oideachas ná oiliúint, cumas teoranta agus toil na nGrúpaí Pobail Áitiúla a bheith páirteach sna struchtúir déanamh cinntí agus i Líonraí um Pháirtíocht Pobail, deiseanna teoranta i roinnt áiteacha sa tír maidir le bogadh ar aghaidh chuig fostaíocht agus féinfhostaíocht agus ráta athraithe foirne in eagraíochtaí Clárfheidhmeoirí.
- Bhí go leor de na dúshlán céanna á bhfeiceáil ag na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail agus ag na Clárfheidhmeoirí. I measc na gceanna ar chuir na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail béim orthu bhí an tsolúbthacht teoranta a bhain le chuile cheann de na trí aidhm maidir le go bhféadfaí an clár a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha áitiúla agus dolúbthacht IRIS ó thaobh torthaí cáilíochtúla a thaifead. Bhí deacracht ag roinnt de na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail na Clárfheidhmeoirí a fháil leis an eolas ar an gcóras IRIS a nuashonrú, rud a d'fhág nach raibh siad cinnte den dul chun cinn a bhí á dhéanamh ó thaobh spriocanna agus buiséid. Thug na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail a bhí ag déileáil le níos mó ná Beartán amháin faoi deara na dúshlán agus an t-ualach oibre breise a bhí sé seo ag cur ar acmhainní teoranta inmheánacha.

Forbairt Clár

- Ghlac CCSGP le spriocghrúpa nua ag tús 2016 – oibríthe/teaghlaigh ar ísealioncam
- Tugadh isteach spriocanna dírithe ar Bheartáin in áit an riachtanais go gcaitheadh 50% de na daoine a bheadh fostaithe faoi CCSGP a bheith ag cónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Bhí léiriú níos fearr á thabhairt ag na spriocanna nua, a bhí bunaithe ar an gcéatadán d'áiteacha faoi mhíbhuntáiste i ngach Beartán, ar na riachtanais áitiúla
- Athraíodh an fhoclaíocht don spriocghrúpa 'páistí agus teaghlaigh i gceantair faoi mhíbhuntáiste' go 'páistí agus teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste' le go n-áireofaí daoine faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíochta a bhí ina gcónaí lasmuigh de cheantair faoi mhíbhuntáiste
- I ndiaidh dul i gcomhairle leis an Roinn scar Pobail an phleanáil bliantúil CCSGP agus na próisis athbhreithnithe deireadh bliana óna chéile le go mbeadh ualach oibre na gCoistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail níos fusa agus dá bharr seo tugadh na hamchláir phleanála chun cinn.

Ceachtanna

- Chuir Clárfeidhmeoirí béim ar an tábhacht atá le comhoibriú i seachadadh an chláir agus ceapann gur gné riachtanach é le go n-éireoidh lena dtionscnamh. Bhí fócas difríocht agus cineálacha difríocht comhoibríthe ann, ag áireamh atreorú rannpháirtithe, roinnt eolais, saineolas agus scileanna, forbairt ar chomhstraitéis agus comhthionscadail, cómhaoiniú tionscadal agus tionscnamh, ag aithint agus ag déileáil le bearnaí sa soláthar seirbhísí
- Ní mór tacú le tairbhíthe taobh istigh dá bpobail féin agus ag amanna a fheileann iadsan agus leanúint de ghné thábhachtach i seachadadh an chláir maidir le fáil réidh le constaicí rannpháirtíochta ar nós easpa córas taistil nó cúram leanaí
- Ar cheann de na bealaí ab fhearr a bhí ann le n-oibriú le daoine fásta a raibh sé deacair teacht orthu bhí obair for-rochtana ó dhoras go doras agus eagrú imeachtaí agus gníomhaíochtaí spriocdhíríthe eile a chuireann an CCSGP agus na tacaíochtaí a sholáthraíonn siad chun cinn
- Thug na Clárfeidhmeoirí faoi deara i 2016 go raibh líon níos airde rannpháirtithe ann a raibh go leor míbhuntáistí acu. Bhí níos mó rannpháirtithe ann ar bheagán muiníne agus féinmheas, bhí leibhéil arda struis agus cúinsí pearsanta eile ag cur as dá gcumas dul chun cinn a dhéanamh tríd an gclár
- Thug na Clárfeidhmeoirí faoi deara an tábhacht a bhain le hoiliúint agus uasoiliúint foirne i gcás IRIS, iniúchtaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus na scileanna a theastaigh nuair a bhíothas ag obair le spriocghrúpaí ar leith nó ag déileáil lena gcuid riachtanais ar leith
- Ina dtuairiscí deireadh bliana thug na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail aitheantas don chaidreamh agus do na cleachtais maithe oibre a bhí bunaithe idir fhoireann na comhairle, baill na gCoistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail, na fochoistí agus na Clárfeidhmeoirí. Cuireadh am breise isteach sa mhaoirseacht ar fheidhmiú an CCSGP i 2016 agus freisin sa teagmháil leis na Clárfeidhmeoirí
- Cheap roinnt de na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail gur fheabhsaigh na foghrúpaí agus na coistí de bharr gur áiríodh cathaoirligh agus príomhoifigigh na gCoistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail orthu chomh maith le hionadaithe ón RCS, LPP agus BO&O. Moladh gur cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar bhallraíocht na ngrúpaí le saineolas a chinntiú i chuile cheann d'aidhmeanna an chláir
- Dúirt na Coistí um Fhorbairt Áitiúil & Pobail gur theastaigh breis acmhainní uathu a chuideodh leo ina ról ag bainistiú agus ag maoirsiú soláthar an CCSGP
- Thug na Coistí um Fhorbairt Áitiúil & Pobail le fios freisin gur déileáladh le go leor do na ceisteanna agus moltaí a d'ardaigh siad féin agus na Clárfeidhmeoirí rud a chur feabhas ar an gclár, rudaí ar nós athrú ar na hamlínte don phleanáil bliantúil agus ar na próis athbhreithnithe deireadh bliana
- Tugadh aitheantas freisin do ról tacaíochta Phobal i bhfeidhmiú an CCSGP agus don chaidreamh láidir idir Pobal agus lucht foirne agus baill na gCoistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail.

Críoch

Ba é 2016 an dara bliain ag seachadadh an CCSGP. Bhreathnaigh sé go raibh an clár leabaithe isteach go maith agus caidreamh maith oibre cruthaithe ag an leibhéal áitiúil ag go leor de na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail agus Clárfeidhmeoirí. Baineadh amach an chuid is mó de na spriocanna agus i gcás cuid, ar nós bogadh chun fostaíochta mar shampla, bhí ardú mór ó 2015 i gceist. Lean an clár ag tacú leis an gcéatadán céanna daoine i gceantair faoi mhíbhuntáiste, dream le leibhéil níos ísle oideachais agus a bhí dífhostaithe go fadtéarmach. Chuidigh an CCSGP le níos mó daoine a bhí dífhostaithe os cionn dhá bhliain. Tháinig ardú mór freisin ón mbliain roimhe sin ar atreorú ón RCS.

Cuireadh níos lú tacaíochtaí ar fáil i gcás na féinhostaíochta agus d'fhan an bogadh chuig féinhostaíocht níos ísle ná an sprioc. D'fhan leibhéal na mná a bhog chun cinn chuig féinhostaíocht níos ísle ná an cóimheas náisiúnta ó thaobh úinéirí nua mná i mbun gnó. Laghdaigh an méid fiontar sóisialta nua a bunaíodh le cúnamh ón CCSGP. Thuairisc na Coistí um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail agus na Clárfeidhmeoirí go raibh tionchar suntasach ag feidhmiú leanúnach JobPath ar fheidhmiú an CCSGP. Bhí na difríochtaí sna dúshláin a bhíonn roimh Chlárfheidhmeoirí agus iad ag feidhmiú an chláir i gceantair tuaithe agus i gceantair uirbeacha

níos soiléire freisin. Bhreathnaigh sé ach go háirithe go raibh easpa taisteal poiblí agus/nó taisteal ar phraghas réasúnta agus easpa leanúnach i ndeiseanna dul chun cinn faoin tuath níos dúshlánaí ná riamh.